Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8295/21**

**CDR 45**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2021/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach,**
**arna moladh ag Poblacht na hIodáile,**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint do na tograí ó Rialtas na hIodáile,

---

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 20 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/102[1], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht le téarma oifige Simonetta SALIERA de thoradh deireadh a theacht le sainordú toghchánach an údaráis réigiúnaigh a bhí aici.

(4) Mhol rialtas na hIodáile Loredana CAPONE, ar ionadaí de chomhlacht réigiúnach í a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil (*Presidente del Consiglio regionale e Consigliere regionale della Puglia*), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2).

(5) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Alessandro PIANA éirí as oifig.

(6) Mhol rialtas na hIodáile Gianmarco MEDUSEI, ar ionadaí de chomhlacht réigiúnach é a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil (*Presidente del Consiglio regionale e Consigliere regionale della Liguria*), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo ceaptar na daoine seo a leanas, ar ionadaithe de chomhlachtaí réigiúnacha iad a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

– Loredana CAPONE, *Presidente del Consiglio regionale e Consigliere regionale della Puglia*;

agus

(b) mar chomhalta malartach:

– Gianmarco MEDUSEI, *Presidente del Consiglio regionale e Consigliere regionale della Liguria*.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa…,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*